An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 21 Márta 2019**
**(OR. en)**

**EUCO XT 20004/19**

**BXT 20**
**CO EUR 7**
**CONCL 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (Airt. 50) (21 Márta 2019) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí[1] i gceangal leis seo na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach (Airt. 50) ag an gcruinniú thuasluaite.

---

[1] Tar éis fógra faoi Airteagal 50 CAE, ní bheidh an comhalta den Chomhairle Eorpach a ionadaíonn don Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar rannpháirteach i bpléití na Comhairle Eorpaí nó i gcinntí ón gComhairle Eorpach a bhaineann leis an mBallstát sin.

1. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an litir ón bPríomh-Aire Theresa May dar dáta an 20 Márta 2019.

2. Mar fhreagairt ar an litir sin, formheasann an Chomhairle Eorpach an Ionstraim i dtaca leis an gComhaontú um Tharraingt Siar agus an Ráiteas Comhpháirteach lena ndéantar forlíonadh ar an Dearbhú Polaitiúil a aontaíodh idir an Coimisiún Eorpach agus rialtas na Ríochta Aontaithe in Strasbourg ar an 11 Márta 2019.

3. Aontaíonn an Chomhairle Eorpach le síneadh go dtí an 22 Bealtaine 2019, ar choinníoll go ndéanfaidh Teach na dTeachtaí an Comhaontú um Tharraingt Siar a fhormheas an tseachtain seo chugainn. Mura bhformheasfaidh Teach na dTeachtaí an Comhaontú um Tharraingt Siar an tseachtain seo chugainn, aontaíonn an Chomhairle Eorpach le síneadh go dtí an 12 Aibreán 2019 agus tá sí ag súil leis go léireoidh an Ríocht Aontaithe bealach chun cinn roimh an dáta sin a mbreithneoidh an Chomhairle Eorpach é.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach nach bhféadfar an Comhaontú um Tharraingt Siar a aontaíodh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i mí na Samhna 2018 a oscailt. Aon ghealltanas nó ráiteas aontaobhach nó aon ghníomh aontaobhach eile, ba cheart é a bheith ag luí le fuarlitir agus le spiorad an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

5. Iarrann an Chomhairle go leanfaí leis an obair ullmhachta agus teagmhais ar gach leibhéal i dtaca le hiarmhairtí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe, agus gach toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an tarraingt siar á chur san áireamh.

6. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an t-ábhar seo faoi bhreithniú.